C/2025/997

10.2.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11824 – SIRIS CAPITAL GROUP / EIM / GIGAMON)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/997)

1. An 31 Eanáir 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Siris Capital Group, LLC ('SCG', Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Elliott Investment Management L.P. ('EIM', Stáit Aontaithe Mheiriceá).

Gheobhaidh SCG agus EIM rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Gigamon Inc. ('Gigamon', na Stáit Aontaithe), atá faoi rialú aonair EIM faoi láthair.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— SCG: gnólacht cothromais phríobháidigh a bhfuil cuideachtaí punainne aige atá gníomhach san earnáil sonraí, teicneolaíochta agus teileachumarsáide,

— EIM: Bainisteoir infheistíochta.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó an ghnóthais Gigamon: soláthraí bogearraí a thairgeann píblíne dhomhain inbhraiteachta a tharchuireann faisnéis ón líonra chuig uirlisí néalríomhaireachta, slándála agus inbhraiteachta.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11824 – SIRIS CAPITAL GROUP / EIM / GIGAMON

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË